Parlaimint na hEorpa
2024-2029

An Coiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne

2025/2156(DEC)

24.11.2025

DRÉACHT-TUAIRIM

ón gCoiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne

chuig an gCoiste um Rialú Buiséadach

maidir le hurscaoileadh i leith chur chun feidhme bhuiséad ghníomhaireachtaí an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2024 – Gníomhaireachtaí (2025/2156(DEC))

Rapóirtéir don tuairim: Raquel García Hermida-Van Der Walle

PA_NonLegDec

TUAIRIM

Iarrann an Coiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne ar an gCoiste um Rialú Buiséadach, mar an coiste atá freagrach, an méid seo a leanas a ionchorprú ina thairiscint i gcomhair rúin:

A. de bhrí gur ceann de na luachanna bunaidh de chuid an Aontais é an comhionannas inscne agus go bhfuil an tAontas tiomanta don chomhionannas a chur chun cinn ina gcuid gníomhaíochtaí uile mar a chumhdaítear in Airteagal 8 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) agus, ar an gcaoi, sin prionsabal an phríomhshruthaithe inscne a bhunú;

B. de bhrí go léiríonn Innéacs Comhionannais Inscne 2024 go bhfuil dul chun cinn teoranta déanta ag na Ballstáit, agus nach bhfuil ach méadú 0,8 ann; de bhrí nach bhfuil aon mhéadú tagtha ar dhul chun cinn i réimsí eile amhail sláinte na mban;

C. de bhrí go bhfuil brú méadaitheach curtha ag boilsciú ar bhuiséad EIGE, agus go bhfuil acmhainn oibríochtúil EIGE laghdaithe aige, rud a fhágann go bhfuil easpa foirne agus brú airgeadais buan ar an ngníomhaireacht;

1. á mheabhrú gur bunaíodh EIGE chun rannchuidiú le cur chun cinn an chomhionannais inscne san Aontas agus é a neartú trí thaighde neamhspleách ardcháilíochta agus sonraí inchomparáide a chur ar fáil, chun cabhrú le hinstitiúidí an Aontais agus leis na Ballstáit comhionannas inscne a phríomhshruthú ina mbeartais uile agus idirdhealú inscnebhunaithe a chomhrac;

2. ag athdhearbhú iarraidh na Parlaiminte ar chistiú agus fhoireann mhéadaithe do EIGE, i gcomhréir leis na hiarrataí atá ag méadú ar chúnamh teicniúil agus costais oibríochtúla níos airde;

3. á thabhairt dá aire go bhfuil EIGE ag leanúint de bheith ag cur 95 % den bhuiséad i bhfeidhm maidir lena chlár oibre agus ag baint amach spriocanna sa doiciméad clársceidealaithe leasaithe 2024–2026, in ainneoin easpa foirne agus tabhairt anonn ard, agus gur dheimhnigh Cúirt Iniúchóirí na hEorpa go léiríonn a cuntais a staid airgeadais go cothrom.